

# SCÉIM FAOISIMH TUILTE BHEALACH FHÉICH AGUS SHRATH AN URLÁIR

Comhairliúchán le Páirtithe Leasmhara agus leis an Phobal ón Luan 27ú Meán Fómhair 2021 go hAoine 22ú Deireadh Fómhair 2021



## Do Thaithí

Is mian linn scéala a fháil uait faoin taithí a bhí agat san am atá caite ar thuilte agus faoi d'eolas áitiúil



## D'ábhair Imní

Fáiltimid roimh d'ábhair Imní ar cheisteanna tábhachtacha lena n-áirítear - tionchair agus rioscaí chomhshaoil agus éiceolaíocha



## Do Smaointe

B'fhéidir go mbeadh smaointe, agat a thiocfadh leat a roinnt linn



## Do Bharúlacha

Trí éisteacht le gach páirtí leasmhar, tig linn scéim rathúil faoisimh tuilte a thógáil le chéile.

Léigh faoin scéim agus cuir isteach do bharúlacha ar líne ó: 27/9/2021-22/10/2021



### FOGHLAIM

<https://www.floodinfo.ie/frs/en/ballybofey-stranorlar/home/>



### TABHAIR BARÚIL

[www.floodinfo.ie/frs/en/ballybofey-stranorlar/project-info/public-engagement/](http://www.floodinfo.ie/frs/en/ballybofey-stranorlar/project-info/public-engagement/)

## Cad chuige scéim faoisimh tuilte?

Is é feidhm **Scéim Faoisimh Tuilte** tionchar tuilte a laghdú agus pobail Bhealach Fhéich agus Shrath an Urláir a chosaint ar theagmhais tuilte amach anseo. Is é an aidhm scéim a chur ar fáil atá inghlactha go teicniúil, sóisialta agus ó thaobh an chomhshaoil agus an gheilleagair de.

Tá **ByrneLooby**, Comhairleoirí Innealtóireachta agus Comhshaoil ceaptha ag Comhairle Contae Dhún na nGall leis an Scéim Faoisimh Tuilte mholta a dhearadh agus a fheidhmiú.


Beidh Comhairle Contae Dhún na nGall ag obair i bpáirt le hOifig na nOibreacha Poiblí leis an tionscadal a sheachadadh.

Ó **Luan 27 Meán Fómhair go hAoine 22ú Deireadh Fómhair 2021**, beimid ag bailiú aiseolais ón phobal ar líne, faoi bhur dtaithe ar thuilte i gceantar na scéime, le cois smaointe agus roghanna ar bhearta féideartha faoisimh tuilte.

Cuirimid fáilte roimh **bhur mbarúlacha** ar rioscaí, srianta agus ceisteanna féideartha comhshaoil taobh istigh den Limistéar Staidéir. Is luachmhar linn bhur mbarúlacha ar fheidhmiú réiteach.

Is tábhachtach linn bhur mbarúlacha; cuidíonn siad linn léargas a fháil ar bhur n-eispéiris, eolas áitiúil agus tuiscint, ar cuidiú iad le

*Scéim Rathúil Faoisimh Tuilte* a sheachadadh.



AN LIMISTÉAR STAIDÉIR

## Glac Páirt

### Tá do chuid Aiseolais Tábhachtach

Tá cuireadh ar an phobal i gcoitinne agus ar gach páirtí leasmhar a mbarúlacha a thabhairt ar an limistéar staidéir ar líne. Tapaigh an deis **páirt a ghlacadh** i luathchéimeanna na Scéime Faoisimh Tuilte do Bhealach Fhéich agus do Shrath an Urláir.

Gach barúil a fhaightear mar fhreagairt d'ócáid chomhairliúcháin phoiblí, cuirfidh Comhairle Contae Dhún na nGall agus Oifig na nOibreacha Poiblí san áireamh iad.

Is cuid dár staidéir innealtóireachta agus chomhshaoil iad bhur mbarúlacha le linn Chéim 1 de **Scéim Faoisimh Tuilte Bhealach Fhéich agus Shrath an Urláir**.

Is luachmhar linn bhur gcuid ama agus táimid buíoch as bhur n-ionchur.

## Cad é a Tharlóidh Anois?

Scrúdaigh an **Limistéar Staidéir thuas** agus cuir do bharúlacha in iúl tríd an cheistneoir a chomhlánú agus a sheoladh ar ais **faoi 22ú Deireadh Fómhair 2021**.

Is féidir gach ceistneoir comhlánaithe, fiosrú agus barúil a bhaineann leis an tionscadal seo a sheoladh chuig seoladh acu seo a leanas:



**R-PHOST:**

Ballybofey-StranorlarFRS@ByrneLooby.com



**POST:**

Bainisteoir Tionscadail SCT Ráth Mealtain  
ByrneLooby  
Foirgneamh 2100 Páirc Ghnó Aerfort Chorcaí  
Bóthar Chionn tSáile  
Corcaigh



**GLAOIGH AR:**

+353 (0) 21 240 7988



**LOGÁIL AR AN CHOMHAIRLIÚCHÁN PHOIBLÍ:** Ó Luan 27/09/21 go hAoine 22/10/21

[www.floodinfo.ie/frs/en/ballybofey-stranorlar/project-info/public-engagement/](http://www.floodinfo.ie/frs/en/ballybofey-stranorlar/project-info/public-engagement/)



**TABHAIR CUAIRT FAOI CHOINNE UASDÁTUITHE:**

<https://www.floodinfo.ie/frs/en/ballybofey-stranorlar/home/>

### Saoráil Faisnéise

Eolas ar bith a thugtar, beidh sé faoi réir fhorálacha an Achta um Shaoráil Faisnéise. Beidh faisnéis phearsanta faoi réir fhorálacha na nAchtanna um Chosaint Sonraí agus ní nochtfar í.